An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Dogman

Dav Pikey



Ábhar Tacaíochta don Seomra Ranga

Eolas faoin Leabhar:

An tÚdar agus an Maisitheoir:

Is é Dav Pilkey an t-údar agus an t-ealaíontóir a chumann agus a scríobhann scéalta Dogman. Nuair a bhí sé óg fuarthas amach go raibh ADHD agus disléicse air agus ba mhinic a cuireadh lasmuigh den seomra ranga é mar go raibh sé ag cur isteach ar pháistí eile. Nuair a bhíodh sé lasmuigh den seomra ranga thaitníodh sé go mór le Dav Pilkey a bheith ag tarraingt agus ag cumadh scéalta agus is mar sin a tháinig céad scéalta Dogman ar an saol.

Ó shin i leith, tá an-cháil ar Dogman, aistríodh go teangacha eile é agus díoladh na milliúin cóip den leabhar i dtíortha thart timpeall an domhain. Tá Dav ina chónaí in iarthuaisceart an Aigéin Chiúin lena bhean chéile agus deir sé gurb iad na daoine óga agus na daoine fásta thart timpeall air a spreagann a shamhlaíocht.

Clúdach an Leabhair

Sula léann tú an blurba ar an gclúdach cúil, féach ar an bpictiúr ar an gclúdach tosaigh. Cad é ábhar an scéil seo, dar leat?

Léigh an cur síos atá ar chúl an leabhair. An leor é an blurba sin le tuiscint a thabhairt do léitheoirí ar ábhar an leabhair?

Cén cineál scéil a bhfuil tú ag súil leis? Scéal greannmhar? Scéal eachtrúil? Scéal leadránach?

Scéalta Grafacha/Coimicí/Greannáin

Is úrscéal grafach é an scéal seo.

An bhfuil úrscéalta grafacha eile léite agat i nGaeilge, i mBéarla, nó i dteanga eile? Cad iad? Ar thaitin siad leat?

An bhfuil scéalta Dogman léite agat as Béarla? Ar thaitin siad leat? Cén fáth?

Faoin Leabhar:

Is scéal grafach é Dogman le Dav Pilkey faoi gharda ar leathdhuine agus leathmhadra é!

Téamaí an Leabhair:

Greann: Is scéal grafach é an scéal seo ina dtarlaíonn an-chuid eachtraí greannmhara do Dogman.

Cairdeas: Tá caidreamh an-dearfach idir Dogman agus na gardaí eile. Réitíonn siad go maith le chéile agus is maith leo dul sa tóir ar choirpigh.

Caibidil 1: Clúmh agus Cáil

Cúpla ceist faoin téacs:

Déan cur síos ar an mbealach a gcruthaítear Dogman (lgh. 17-20).

An ndearna Dogman an cinneadh ceart dul go dtí an trá seachas go dtí an baile (lch. 30)?

Samhlaigh na heachtraí a bheadh aige dá mbeadh an folúsghlantóir sa bhaile mór!

Le plé sa rang:

An bhfuil peata agat? An bhfuil madra agat? Cén t-ainm atá air/uirthi? Déan cur síos ar phearsantacht do pheata.

Caibidil 2 Róbó-Cheannasaí

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth a raibh an ceannasaí i dtrioblóid mhór?

Tá sprae dofheicthe ag Páidí. Cad a dhéanfá dá mbeadh sprae dofheicthe agat?

Cad é an plean a bhí ag Dogman le teacht ar Pháidí dofheicthe? Ar éirigh leis?

Caibidil 3 Gabh É a Dogman!

Cúpla ceist faoin téacs:

Cad a cheapann tú faoi na huirlisí atá ag Páidí – an clistemhéadar agus scriosántóir 2000? Cad a dhéanfá dá mbeadh na huirlisí sin agat?

An raibh an ceart ag Páidí zaipeáil a dhéanamh ar gach leabhar ar domhan?!

Cén bealach ar éirigh le Dogman teacht ar réiteach? Cad a rinne sé?

Le plé sa ranga

An dóigh leat go gcabhraíonn an léitheoireacht le daoine agus an dóigh leat go mbíonn siad níos cliste dá bharr?

Caibidil 4 Dogman Cogadh Beag: Éirí amach na nIspíní

Cúpla ceist faoin téacs:

Cad a dhéanfá dá mbeadh beocht-sprae agat?

Conas a thosaigh Cogadh na nIspíní?

Céard a rinne Jeaiceo an Taco?

Cén plean a bhí ag Dogman chun é féin agus na madraí eile a shaoradh?

Sa Seomra Ranga

1. **Féach Aguisín 1.** Is féidir leatsa caibidil eile a scríobh anois. Cén cineál eachtraí ba mhaith leat a chumadh? Pléigh é seo le do pháirtí. Cad a dhéanfaidh Dogman?
2. **Scríbhneoireacht Chruthaitheach:** Samhlaigh gur tusa Dogman; scríobh síos na láidreachtaí agus na tréithe maithe atá agat mar gharda.
3. **Scríbhneoireacht Chruthaitheach:** Samhlaigh gur tusa máthair/ athair/ caomhnóir George. Léigh an litir a scríobh an múinteoir Íde Ní Thuigim chugat ag gearán faoi George. Scríobh litir ar ais chuici ag míniú na gcúiseanna ar fiú do pháistí óga scéalta Dogman a léamh.
4. **Iriseoireacht** Is minic a bhíonn ceannlínte in úsáid le scéalta Dogman (m.sh. lch. 113). Léigh siar ar na scéalta agus scríobh liosta de na ceannlínte sna nuachtáin. An bhféadfá ceannlíne nua a scríobh, an bhféadfá an scéal a scríobh?
5. **Teangacha!** An bhfuil cóip ag aon scoláire de leabhair Dogman as Béarla? Déan comparáid idir an scéal seo sa Bhéarla agus sa Ghaeilge.
6. **Teangacha!** Féach siar ar eachtraí Dogman. An bhfuil clisteacht sna focail? Aimsigh samplaí d'imeartas focal i roinnt de na focail atá in úsáid le cur síos a dhéanamh ar na heachtraí, ar charachtair agus ar mhothúcháin. Féach mar shampla, cú- láilte, bhuf-ásach. Aimsigh focail eile den chineál seo. Déan iarracht focail nua a chumadh!
7. **Ealaín** Déan Flip-O-Rama más féidir leat. Féach lch. 40 agus 41 agus seans go bhféadfá é seo a thriail!